Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Seicliosta Cianoibre d'Fhostóirí

Ullmhaíodh an seicliosta seo chun bealach tapa a sholáthar d'fhostóirí chun na socruithe cianoibre a thuiscint. Clúdaíonn an seicliosta seo na príomhréimsí machnaimh le haghaidh cianoibre bunaithe ar threoir oifigiúil. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an leathanach gréasáin Treoir le haghaidh cianobair.

Seicliosta Cianoibre d'Fhostóirí

Coinníollacha Fostaíochta agus Polasaí Inmheánacha	Tá	Níl	Na chéad chéimeanna eile a aithníodh
An bhfuil polasaí láidir i bhfeidhm againn a dhéileálann le hiarratais ar chianobair?			
An bhfuil ár bpolasaí eile uasdátaithe againn chun roghanna cianoibre cumaisc a chur san áireamh, lena n-áirítear obair pháirtaimseartha agus obair lánaimseartha ó thithe, moil* nó le linn taistil?			
An bhfuil lámhleabhar an chomhlachta agus an ráiteas sábháilteachta uasdátaithe againn chun roghanna cianoibre a chuimsiú?			
Sa chás gur éascaíodh iarratas ar chianobair, an smaoiníomar ar chonradh fostaíochta nua a uasdátú nó a eisiúint chun na hathruithe sin a léiriú?			
Ar chuireamar fostaithe ar an eolas faoin liúntas cánach atá ar fáil don lucht oibre a dhéanann cianobair? Mura bhfuil, an bhfuil machnamh déanta againn ar an méid, más ann, gur féidir linn a chur ar fáil d'fhostaithe i dtreo costais teaghlaigh cosúil leis an t-idirlíon, leictreachas agus téamh? (Tá treoir tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis seo).			
Más rud é go bhfuil an fostaí ag obair ó thír eile, an bhfuil machnamh déanta againn ar an mbainistiú cánach, árachais agus laethúil ar an gcaidreamh fostaíochta?			
Sa chás go bhfuil roghanna cianoibre tairgthe ar bhonn sealadach againn, ar chuireamar dáta athbhreithnithe ann agus ar chuireamar próiseas i bhfeidhm lena chinntiú nach mbeadh dearmad déanta ar an spriocdháta athbhreithnithe?			
An bhfuil ár bpróisis agus ár nósanna imeachta maidir le feidhmíocht agus bainistíocht foirne láidir go leor chun fostaithe a bhíonn ag obair go cianda a bhainistiú?			
An dtuigeann fostaithe a ndualgais go léir má tá siad ag obair go cianda, amhail rochtain ar nasc idirlín leordhóthanach agus ar chórais agus uirlisí ábhartha?			
An bhfuil socruithe cianoibre curtha ar bun againn ar bhonn deonach leis an rogha ann d'fhostaithe chun diúltú?			

* Tabhair faoi deara: tá spásanna comhoibrithe san áireamh leis an téarma "Moil" mar a úsáidtear sa seicliosta seo.

Ar lorgamar comhairle ónár n-árachóirí maidir le dliteanas fostaithe i leith roghanna cianoibre?			
Ar shoiléiríomar lenár n-árachóirí go bhfuil ár dtrealamh clúdaithe nuair a úsáidtear ó chian é?			
Eagrú Ama Oibre	**Tá**	**Níl**	**Na chéad chéimeanna eile a aithníodh**
An bhfuil fostaithe ar an eolas faoina gcearta agus a bhfreagrachtaí maidir le sosanna rialta a thógáil, saoire bhliantúil agus saoire bhreoiteachta?			
An bhfuil córas curtha i bhfeidhm againn a dhéanann taifead ar am agus tinreamh na ndaoine a oibríonn go cianda?			
Má bhaineann an córas seo le monatóireacht ar bhogearraí, an bhfuil seiceáil déanta againn ar a pholasaí príobháideachais chun cinntiú go bhfuil sé neamh-ionsáite ar príobháideachas na bhfostaithe?			
An féidir linn tuairiscí ama agus tinrimh a chur ar fáil go héasca d'oibrithe a oibríonn go cianda má iarrtar sin orainn?			
An spreagaimid fostaithe a oibríonn go cianda chun sosanna a thógáil de réir an Achta um Eagrú Ama Oibre?			
An bhfuil próiseas i bhfeidhm ina dtugann muid comhairle do na fostaithe a bhíonn ag obair go cianda chun cinntiú go bhfuil siad ag tógáil sosa cuí má tharlaíonn sé go bhfuil siad ag obair an iomarca ama? An gcoimeádaimid taifead air sin?			
An bhfuil polasaí againn ina leagtar amach na dualgais atá ag súil leis maidir le hamanna freagartha ríomhphoist agus freagraí as gnáthuaireanta oibre de réir an Chóid Chleachtais maidir leis an gCeart chun Dícheangal?			

Sláinte agus Sábháilteacht	**Tá**	**Níl**	**Na chéad chéimeanna eile a aithníodh**
Sláinte agus Sábháilteacht ginearálta			
An bhfuil ár bhfostaithe ar an eolas faoina n-oibleagáidí sláinte agus sábháilteachta agus iad ag obair go cianda? (Is dea-chleachtas é taifead a choimeád chun cinntiú go dtuigeann fostaithe a n-oibleagáidí sláinte agus sábháilteachta. Tá treoir maidir leis seo curtha ar fáil ag an HSA.)			
An bhfuil ár ráiteas sábháilteachta agus ár mbeartais sábháilteachta uasdátaithe againn le roghanna cianoibre a chur san áireamh?			
An ndearnadh measúnú ar an timpeallacht oibre ó chian le haghaidh rioscaí sláinte agus sábháilteachta a sheiceáil? An bhfuil taifead coinnithe againn den mheasúnú? (Féadfaidh an teach nó an mol a bheith san áireamh i raon feidhme an mheasúnaithe)			
An bhfuil aon rioscaí sábháilteachta nó sláinte aimsithe againn? Más ea, cad iad na bearta smachta atá curtha i bhfeidhm againn chun na rioscaí sin a bhaint nó a laghdú?			

Ar chuireamar an trealamh riachtanach ar fáil d'fhostaithe chun obair a dhéanamh go cianda? Más féidir le fostaithe a dtrealamh féin a sholáthar nó má tá siad ag obair ó mhol a chuireann trealamh ar fáil, an bhfuil measúnú déanta againn ar cé chomh oiriúnach is atá siad?			
Ar áirithíomar go bhfuil an trealamh TF agus an troscán oifige deartha agus tástálaithe go heirgeanamaíoch d'fhostaithe atá ag obair sa bhaile nó sa mhol?			
An bhfuil ár bhfostaithe oilte ar shaincheisteanna sábháilteachta a bhainistiú nuair atá siad ag obair go cianda? An bhfuil taifead déanta air seo?			
An bhfuil an fostaí ábalta an obair a dhéanamh ó chian ó thaobh na sláinte de má tá a fhios againn cheana féin go bhfuil fadhb leighis ann?			
An leagtar amach inár ráiteas sábháilteachta na socruithe i gcás timpiste nó eachtra nuair atá fostaí ag obair go cianda?			

Meabhairshláinte			
An bhfuil tacaíochtaí folláine i bhfeidhm d'fhostaithe a bhíonn ag obair go cianda?			
Ar bhreithníomar ar modhanna chun comhráite neamhfhoirmiúla le comhghleacaithe a éascú dóibh siúd atá ag obair go cianda, go háirithe dóibh siúd atá ag obair sa bhaile go lánaimseartha?			
An bhfuil roghanna oiliúna ann d'fhostaithe ag obair go cianda maidir le teorainneacha oibre is saoil a chothromú agus a chosaint in aghaidh iomarca oibre?			

Ceisteanna Comhionannais	**Tá**	**Níl**	**Na chéad chéimeanna eile a aithníodh**
An bhfuil ár bpolasaí oibre cianda cothrom agus comhionann i leith gach fostaí, lena n-áirítear maidir le forálacha na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta?			
An measaimid go hoibiachtúil agus go cothrom gach iarratas ar chianobair? An féidir linn seasamh go hoibiachtúil lenár gcinneadh i gcás ina ndiúltófar d'iarratas ar chianobair? Ar bhreithníomar polasaí achomhairc i gcás iarratais diúltaithe?			
An bhfuil machnamh déanta againn ar an bhféidearthacht a bhaineann le cianobair chun ionad oibre níos cuimsithí agus níos éagsúla a chruthú?			

An féidir linn cianobair a éascú mar bhealach chun freastal ar na bhfostaithe atá faoi mhíchumas nó a bhfuil tinneas fadtéarmach orthu? Áirítear air sin teicneolaíocht chúnta a sholáthar nuair is gá.			
An bhfuil próiseas i bhfeidhm againn chun gearáin maidir le ciapadh a bhainistiú, lena n-áirítear gnéaschiapadh, a d'fhéadfadh tarlú fiú nuair atá an fostaí ag obair go cianda?			
Ar nuashonraímid ár bpolasaí maidir le ciapadh agus gnéaschiapadh chun roghanna cianoibre a chur san áireamh?			
An bhfuil tacaíochtaí i bhfeidhm lena chinntiú gur féidir le fostaithe atá ag obair go cianda a n-infheictheacht agus a ndeiseanna forbartha agus deiseanna ardú céime a choimeád?			
An bhfuil córais i bhfeidhm chun cinntiú gur féidir le fostaithe páirt a ghlacadh i gcruinnithe fíorúla, nó a bheith i láthair go pearsanta de réir mar is gá?			
An bhfuil muid ag freastal dóibh siúd atá ag obair go cianda nach mian leo a bheith ag obair ón mbaile? An bhfuil sé seo á dhéanamh againn ar bhealach a thugann íogaireacht dóibh siúd a bhfuil imthosca deacra acu sa bhaile?			

Oiliúint	Tá	Níl	Na chéad chéimeanna eile a aithníodh
An féidir rochtain a fháil go cianda ar ár roghanna oiliúna?			
Ar smaoiníomar ar na scileanna atá riachtanach chun bheith ag obair go cianda (bainistíocht ama, oibriú go neamhspleách, cumarsáid ar líne, scileanna bainistíochta)?			
An gclúdaíonn na roghanna oiliúna atá againn faoi láthair na scileanna seo?			
An bhfuil réitigh oiliúna aitheanta againn d'fhostaithe atá ag obair go cianda, agus dá mbainisteoirí?			

Cosaint Sonraí	Tá	Níl	Na chéad chéimeanna eile a aithníodh
An bhfuil na bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí curtha chun feidhme againn chun cinntiú go gcoinnítear sonraí pearsanta agus íogaire faoi rún agus slán ó thaobh cianoibre de? (Tá treoir curtha ar fáil ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir leis seo)			
Ar nuashonraímid ár bpolasaí cosanta sonraí chun roghanna cianoibre amhail obair ón mbaile, obair cumaiscthe agus mol* a chur san áireamh?			

* Tabhair faoi deara: tá spásanna comhoibrithe san áireamh leis an téarma "Moil" mar a úsáidtear sa seicliosta seo.

Cé chomh slán is atá na sonraí pearsanta agus íogaire nuair a dhéantar iad a rochtain go cianda? An gcaitear le duine a phróiseálann sonraí pearsanta san oifig sa bhealach céanna?			
Ar aithníomar na bogearraí cianoibre iomchuí agus an ndearna muid athbhreithniú ar a bpolasaí RGCS?			
An áirítear inár n-oiliúint reatha maidir le cosaint sonraí, comhairle d'fhostaithe maidir le sonraí a chosaint agus iad ag obair go cianda, bíodh sé ón mbaile, ó mhol nó le linn dóibh a bheith ag taisteal?			
An bhfuil smacht iomlán againn ar shonraí pearsanta nó an bhfuil a ngléasanna féin á n-úsáid ag fostaithe? Má úsáideann fostaithe a ngléasanna féin, conas is féidir linn na sonraí gnó a dhaingniú óna ngléasanna pearsanta i gcás caillteanas, gadaíocht nó an fostaí ag fágáil a gcuid fostaíochta?			
Cén tír ina bhfuil an fostaí lonnaithe go fisiciúil? I gcás fostaithe atá ag obair thar lear, ar bhreithníomar ar na himpleachtaí ábhartha a bhaineann le cosaint sonraí?			

Cibearshlándáil	**Tá**	**Níl**	**Na chéad chéimeanna eile a aithníodh**
Ar chuireamar eolas/oiliúint ar fáil d'fhostaithe maidir leis an dea-chleachtas chun an chibearshlándáil a chothabháil go cianda? (Cuireann an tIonad Náisiúnta Cibearshlándála treoir ar fáil maidir leis seo)			
Ar chuireamar gléasanna criptithe/chosanta ar fáil d'fhostaithe a bhíonn ag obair go cianda?			
An ndearna muid measúnú ar oiriúnacht na mbogearraí cianoibre (amhail bogearraí físchomhdhála, bogearraí sreafa oibre agus teicneolaíocht néalríomhaireachta) chun an chibearshlándáil a chothabháil?			

Cultúr	**Tá**	**Níl**	**Na chéad chéimeanna eile a aithníodh**
Tá treoir foilsithe ag Fiontraíocht Éireann maidir leis na réimsí thíos.			
An raibh muid i dteagmháil lenár bhfostaithe ar cén cineál cianoibre ar mhaith leo dul i mbun oibre? (e.g. obair atá go hiomlán cianda, obair cumaiscthe, mol nó obair sa bhaile)			
An bhfuil sé i gceist againn aiseolas a bhailiú agus freagra a thabhairt air maidir leis an gcaoi a bhfuil ár gcleachtais chianda nua ag obair?			
Má táimid ag glacadh le cleachtais oibre chumaisc, an bhfuil machnamh déanta againn ar an dóigh ar cheart barrfheabhas a chur ar ár n-ionad oibre chun go mbeidh méadú ar fhoghlaim, ar chomhoibriú, ar mheantóireacht agus ar deiseanna le bualadh le daoine?			

* Tabhair faoi deara: tá spásanna comhoibrithe san áireamh leis an téarma "Moil" mar a úsáidtear sa seicliosta seo.

An bhfuil ócáidí sóisialta neamhfhoirmiúla forbartha againn chun línte cumarsáide a choinneáil ar oscailt idir an fhoireann agus chun líonrú a cheadú?			
Ar smaoiníomar ar conas bainistiú agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine aonair agus le foirne oibrithe cianda? An bhfuil na huirlisí cuí comhoibrithe i bhfeidhm againn?			
An bhfuil córas i bhfeidhm againn chun nearta foirne a dhéanamh ó chian, ionduchtú a dhéanamh, agus chun meantóireacht a dhéanamh ar fhostaithe?			
An bhfuil machnamh déanta againn ar conas cruinnithe a reáchtáil i dtimpeallacht ina bhfuil idir oibrithe oifige agus oibrithe ó chian?			
An bhfuil athbhreithniú déanta againn ar ár gcleachtais foirne chun dul i ngleic le fostaithe agus iad a spreagadh i dtimpeallacht cianoibre?			
An bhfuil athbhreithniú déanta againn ar ár gcleachtais foirne maidir le húinéireacht, muinín agus cuntasacht chun cianobair a éascú?			
Ar smaoiníomar ar an gcaoi ar féidir leas a bhaint as an nuálaíocht agus as an gcruthaitheacht, agus ar na smaointe a roinntear chun an gcuidiú dhinimiciúil a theastaíonn ó fhoirne cumaisc agus foirne chianda a aimsiú?			

Nuair a bhíonn Móil á n-úsáid

Cosaint Sonraí	Tá	Níl	Na chéad chéimeanna eile a aithníodh
Ar mheasamar na rioscaí a bhaineann le moil a chosaint, agus an bhfuil bearta i bhfeidhm againn chun iad sin a fhritháireamh?			

Sláinte agus Sábháilteacht	Tá	Níl	Na chéad chéimeanna eile a aithníodh
An raibh muid i dteagmháil le bainisteoirí an mhoil/spás maidir lena mbeartais sláinte agus sábháilteachta?			
I gcás fostaithe atá ag obair i mol*, ar cuireadh ar an eolas iad faoi nós imeachta an mhoil sin maidir le práinnfhreagairt agus le druil dóiteáin?			
Ar chuireamar an trealamh riachtanach ar fáil d'fhostaithe chun obair a dhéanamh go cianda? Má tá fostaithe ag obair ó mhol a chuireann trealamh ar fáil, an bhfuil measúnú déanta againn ar cé chomh oiriúnach is atá siad?			
Ar phléamar ár nós imeachta le bainistíocht an mhoil maidir le bulaíocht? An bhfuil an méid sin san áireamh sa chomhaontú ar leibhéal an chonartha nó ar leibhéal na seirbhíse?			

Ceisteanna Comhionannais	Tá	Níl	Na chéad chéimeanna eile a aithníodh
Ar thugamar cóip dár bpolasaí maidir le ciapadh agus ciapadh gnéasach don lucht bainistíochta an mhoil?			
Ar phléamar ár nós imeachta maidir le ciapadh agus ciapadh gnéasach le bainistíocht an mhoil? An bhfuil an méid sin san áireamh sa chomhaontú ar leibhéal an chonartha nó ar leibhéal na seirbhíse?			
An bhfuil seiceáil déanta againn go bhfuil rochtain ag fostaithe atá faoi mhíchumas ar an mol?			

* Tabhair faoi deara: tá spásanna comhoibrithe san áireamh leis an téarma “Moil” mar a úsáidtear sa seicliosta seo.